Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2023**

# Eacnamaíocht Bhaile: Bia agus Cothú

## Comhpháirt 2

## Tasc Measúnaithe Rialaithe

**[G9522]**

**DÁTA EISIÚNA: MEÁN FÓMHAIR 2022**

**LE BRONNADH SAMHRADH 2023**

## TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Ní mór duit:

- Codanna **A–E** a chomhlánú.
- Foinsí ar bith a úsáidtear sa téacs a aithint agus tagairt a dhéanamh dóibh.
- Leabharliosta mionsonraithe a chur isteach.
- Cloí leis na teorainneacha focal do chodanna A, B agus E.
- Líon focal foriomlán a chur isteach.
- Grianghraf de na torthaí críochnaithe a chur isteach.
- Do chuid oibre a chur i láthair i bhfillteán tionscadail A4.

## EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

- Tá ualú **50%** ag dul leis an Chomhpháirt seo.
- Is é **120** an marc iomlán don Chomhpháirt seo.
- Tá uasmhéid **3 uair an chloig** agat leis na miasa roghnaithe a réiteach faoi dhálaí scrúdaithe.

Obair iarrthóirí le cur isteach **Bealtaine 2023**

Ní mór do Thascanna Measúnaithe Rialaithe cloí leis na Rialúcháin mar atá siad mionsonraithe i Sonraíocht an Ábhair.

NB: B'fhéidir go mbeadh níos mó ná 1 leathanach sna treoracha a bhaineann le cuid de na Tascanna Measúnaithe Rialaithe. Seiceáil, le do thoil, go bhfuil an t-eolas go léir agat atá de dhíth ort leis an tasc a chomhlánú má tá tú ag priontáil ó ríomhaire.

Anseo thíos tá an tasc measúnaithe rialaithe do Chomhpháirt 2: Bia agus Cothú Praiticiúil. Ní mór d'iarrthóirí codanna **A–E** a chomhlánú.

| **Tá sé molta sa Treoir Dhea-chothaithe gur chóir dúinn cúig sciar, ar a laghad, de thorthaí agus de ghlasraí éagsúla a ithe gach lá.** | | Teorainn Focal |
|---|---|---|
| **Cuid A** | Taighde a dhéanamh ar an tsaincheist seo le dhá dhearcadh eile agus lena dhearcadh féin a chur san áireamh | 800 focal |
| **Cuid B** | Réimse mias a roghnú a thugann léargas ar an chomhairle níos mó torthaí agus glasraí a chur san aiste bia agus an rogha sin a chosaint trí úsáid a bhaint as na critéir liostaithe. | 1500 focal |
| **Cuid C** | Plean a dhéanamh don ghníomhaíocht phraiticiúil | |
| **Cuid D** | Na miasa roghnaithe a ullmhú, a chócaráil agus a riar | |
| **Cuid E** | Luacháil a dhéanamh ar gach uile ghné den tasc | 1200 focal |
| **Marc iomlán atá ar fáil: 120** | | |